Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12387/25**

**INST 248**
**POLGEN 126**
**AG 126**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, agus an Coimisinéir Maroš Šefčovič |
| chuig: | Roberta Metsola, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, agus Mette Frederiksen, Príomh-Aire na Danmhairge |
| Ábhar: | Litir intinne maidir le Clár Oibre 2026 an Choimisiúin a ullmhú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, cóip den Litir Intinne ó Ursula von der Leyen, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, agus an Coimisinéir Maroš Šefčovič, chuig Roberta Metsola, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, agus Mette Frederiksen, Príomh-Aire na Danmhairge, a bhfuil Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh aici faoi láthair.

**IARSCRÍBHINN**

An Coimisiún Eorpach

# Staid an Aontais 2025

## AN LITIR INTINNE

CHUIG AN UACHTARÁN **ROBERTA METSOLA**
AGUS AN PRÍOMH-AIRE **METTE FREDERIKSEN**

GA

*An Bhruiséil, an 10 Meán Fómhair 2025*

A Uachtaráin Metsola, a chara,

A Phríomh-Aire Frederiksen, a chara,

Agus an t-ord domhanda á athmhúnlú mar gheall ar athruithe domhanda, caithfidh an tAontas Eorpach dul i ngleic le huair seo na cinniúna le teann **dánachta, deimhneachta, agus diongbháilteachta**. Sa chéad bhliain seo den sainordú nua, tá bearta déanta ag an Aontas seo againne cheana féin chun an chosaint, an t-iomaíochas agus an daonlathas a neartú. Ach ó tharla an saol ag athrú go tapa, ní féidir a bheith réchúiseach ná drogallach. Tá sé in am bogadh ar aghaidh le chéile agus aghaidh a thabhairt ar scála agus ar phráinn an cháis.

Sa tréimhse éiginnte seo, ní mór dúinn a léiriú gur féidir linn beart a dhéanamh de réir ár mbriathair i dtaca leis na saincheisteanna is tábhachtaí ó thaobh na saoránach de. Ní mór dúinn muinín na saoránach a thuilleamh, cobhsaíocht agus slándáil a chinntiú, agus todhchaí mhuiníneach a mhúnlú i gcomhair na mór-roinne seo againne. Chun é sin a dhéanamh, **caithfidh an Eoraip éirí níos neamhspleáiche**. Ní mór dúinn freagracht níos mó a ghlacadh as ár slándáil, ár n-iomaíochas a neartú, agus a chinntiú go mbeidh sé d'acmhainn againn gníomhú go neamhspleách agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. An fhreagracht atá ar an Eoraip ar leibhéal an domhain mhóir, caithfidh sí í a chomhlíonadh i gcónaí, bíodh sé sin i dtaca leis an gcogadh in **Gaza**, nó leis an gcogadh atá an Rúis a chur ar an **Úcráin**.

Agus an Rúis ag leanúint uirthi i gcónaí ag tabhairt fogha faoin Úcráin, is léir go gcaithfidh an Eoraip **a slándáil agus a cosaint** a neartú ar bhonn práinne. Is céim stairiúil sa treo sin atá sa phlean Ullmhacht 2030, plean trína ndéanfar tuilleadh infheistíochtaí tríd an gclár SAFE, agus trí thograí breise chun an tAontas Eorpach um an gCosaint a chur chun cinn. Tá sé beagnach 1,300 lá ó thosaigh an Rúis ar an gcogadh foghach brúidiúil atá sí a chur ar **an Úcráin**, cogadh atá gan chúis gan údar. Sheasamar leis an Úcráin ón gcéad lá, agus seasfaimid léi a fhad is gá. Oibreoimid as lámh a chéile chun go gcinnteofar áit na hÚcráine inár dteaghlach Eorpach, chomh maith le háit na Moldóive, agus an áit atá ag ár gcomhpháirtithe sna Balcáin Thiar.

Ó thús an tsainordaithe seo, táimid ag díriú isteach ar **an iomaíochas agus ar phoist**, ionas gurb iad croílár ár gcláir oibre iad. Agus an Compáis Iomaíochais dár dtreorú, is é sin ár

bplean chun Tuarascáil Draghi a chur chun feidhme, tá dul chun cinn nach beag déanta againn cheana féin i dtaca le tionscnaimh a bhaineann le raon leathan réimsí, iad seo a leanas cuir i gcás – an talmhaíocht, tionscail ghlana, an fuinneamh, an nuálaíocht, agus infheistíocht sa tslándáil.

Bíonn an Eoraip ag cruthú thar barr maidir leis an taighde agus an fhorbairt, ach tá dúshláin le sárú againn maidir leis an **nuálaíocht** a uas-scálú. Díreoimid ar leas a bhaint as acmhainneacht na dteicneolaíochtaí digiteacha, an intleacht shaorga agus teicneolaíochtaí candamacha, mar shampla. Cuirfimid tograí ar aghaidh chun an geilleagar ciorclach a neartú agus déanfaimid obair i dtaca le príomh-mhargaí le haghaidh táirgí glana nuálacha. Déanfaimid an timpeallacht rialála a shimpliú a bhuí le sraith aonair chomhchuibhithe rialacha, agus oibreoimid chun gur fearr an rochtain a bheidh ar chaipiteal fiontair — ionas go mbeidh **ár gcuideachtaí in ann teacht ar an méid a theastaíonn uathu chun fás anseo san Eoraip**. Tá sé phacáiste simpliúcháin 'omnibus' curtha síos ag an gCoimisiún cheana féin, agus tá cinn eile ar an mbealach — pacáistí maidir leis an tsoghluaisteacht mhíleata agus le cúrsaí digiteacha, mar shampla — chun cabhrú ó thaobh gnó a dhéanamh níos éasca san Eoraip.

Na falscaithe a rinne damáiste ollmhór in áiteanna éagsúla san Eoraip, léirigh siad gur bagairt slándála ó thaobh na saoránach, an chomhshaoil agus an gheilleagair de atá san **athrú aeráide**, agus gur bagairt í sin atá ag dul i méid. Caithfimid leanúint ar aghaidh ar an gconair atá leagtha amach againn maidir lenár spriocanna aeráide agus comhshaoil a bhaint amach, agus caithfimid cur lenár n-iarrachtaí maidir le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide.

Ní mór don Eoraip níos mó a dhéanamh freisin chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní atá ag muintir na hEorpa maidir le h**inacmhainneacht** agus leis an g**costas maireachtála**. Tá gá leis sin maidir leis an tithíocht agus an fuinneamh go háirithe. Cuirfimid dlús lena bhfuil ar siúl againn i dtreo agus go laghdófar praghsanna fuinnimh atá ard ó thaobh struchtúir de. Cuirfimid tograí síos maidir le tithíocht a dhéanamh níos inacmhainne, níos inbhuanaithe, agus níos fearr ó thaobh caighdeáin de. Molfaimid tionscnaimh maidir leis na saincheisteanna sin agus maidir le dlús a chur leis an g**comhrac i gcoinne na bochtaineachta**. Leanfaimid freisin den tacaíocht a thugaimid do phobail tuaithe, tacaíocht a fhágann go mbíonn rath orthu, agus de bheith ag tacú le hearnáil na talmhaíochta sa chaoi go mbeidh sí ullamh i gcomhair na todhchaí.

Molfaimid reachtaíocht nua chun an comhrac in aghaidh na coireachta eagraithe a neartú, chun ár dteorainneacha a chosaint le Garda Teorann agus Cósta Eorpach feabhsaithe agus chun athléimneacht ár mbonneagar criticiúil a fhorbairt. Beidh ár gcuid oibre ar an tslándáil inmheánach fite fuaite le bearta chun **athléimneacht ár ndaonlathas** agus ár sochaithe a threisiú, idir ár n-acmhainneacht chomhchoiteann bagairtí a sheasamh a neartú agus dul i ngleic leis an ionramháil ar fhaisnéis.

Leanaimid dár **leasanna eacnamaíocha agus slándála a chosaint ar an leibhéal domhanda**. Leis an gcomhaontú trádála leis na Stáit Aontaithe, tugtar cobhsaíocht agus

intuarthacht do shaoránaigh agus do ghnólachtaí. Cuireann sé sin i dtábhacht freisin an gá atá lenár gcomhar leis an gcuid eile den domhan a dhoimhniú. Oibreoimid chun an chaibidlíocht trádála atá ar siúl faoi láthair a thabhairt chun críche agus táimid ag neartú comhpháirtíochtaí comhthairbheacha, leis an gComhshocrú don Mheánmhuir, cuir i gcás, agus bunú Ollscoil Mheánmhara san áireamh.

Chuireamar isteach togra uaillmhianach le haghaidh **bhuiséad fadtéarmach an Aontais** lena bhféadfar feabhas suntasach a chur ar chumas an Aontais a phríomhthosaíochtaí a bhaint amach. Cuideoidh sé sin leis an uaillmhian maidir le hEoraip níos neamhspleáiche a bhaint amach, a bheidh in ann tacú le daoine, le gnólachtaí, le réigiúin agus leis an tsochaí shibhialta, agus urraim do **luachanna ár nAontais** agus don **smacht reachta** á ráthú ag an am céanna. Is díol sásaimh dúinn na malartuithe tairbheacha le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle maidir leis na tograí sin – tograí maidir le hacmhainní dílse san áireamh – agus táimid ag tnúth le bailchríoch a chur ar bhuiséad uaillmhianach a dhéanfaidh an beart do mhuintir na hEorpa.

Sa liosta thíos tá príomhthosaíochtaí don bhliain atá le teacht, ag tarraingt ar **idirphlé struchtúrtha** le **Parlaimint na hEorpa** agus ar phlé leis an g**Comhairle**. Déanfar obair leantach air le clár oibre an Choimisiúin do 2026, lenár n-idirphlé idirinstitiúideach, agus leis an Dearbhú Comhpháirteach maidir le Tosaíochtaí Reachtacha atá le síniú ag na trí institiúid.

Le linn na tréimhse éiginnte seo, tá **aontacht** agus **díocas** de dhíth ar an Eoraip. Táimid ag tnúth le bheith ag obair go dlúth leat chun a chinntiú go n**déanfaidh an Eoraip an beart do mhuintir uile na hEorpa.**

**Ursula von der Leyen** | **Maroš Šefčovič**

# PRÍOMHTHOSAÍOCHTAÍ NA BLIANA ATÁ LE TEACHT

## Plean nua chun go mbeidh rathúnas agus iomaíochas na hEorpa inbhuanaithe

- Treochlár don Mhargadh Aonair go dtí 2028
- An Gníomh um Luasaire Tionsclaíoch
- Pacáistí Omnibus
- An 28ú Córas agus an Ionstraim Eorpach um Nuálaíocht
- Pacáiste um na hEangacha Eorpacha
- Gníomh an Aontais um an Néalríomhaireacht agus um Fhorbairt na hIntleachta Saorga

## Ré nua do Chosaint agus Slándáil na hEorpa

- Tionscnamh um Fhaireachán ar Thaobh Thoir na hEorpa
- Treochlár maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa agus an Seimeastar Eorpach um Chosaint
- Leasú ar an Rialachán maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach
- Rialacha nua maidir leis an gcoireacht eagraithe a chomhrac agus córas nua smachtbhannaí chun díriú ar smuigléirí agus ar gháinneálaithe
- Athbhreithniú ar Rialachán Europol

## Tacú le daoine, ár sochaithe agus ár múnla sóisialta a neartú

- Straitéis do na Réigiúin is Forimeallaí agus Clár Oibre do Chathracha
- An tionscnamh um inaistritheacht scileanna
- An Plean um Thithíocht Inacmhainne
- Straitéis Eorpach i gcoinne na Bochtaineachta
- An Gníomh um Poist ar Ardchaighdeán
- Straitéis um Chomhionannas Inscne

## Ár gcáilíocht saoil a chothabháil: slándáil bia, uisce agus an dúlra

- An Plean Eorpach um Oiriúnú don Athrú Aeráide
- Tionscnamh maidir le hAthnuachan ó Ghlúin go Glúin san Fheirmeoireacht
- Straitéis beostoic agus gnéithe maidir le leas ainmhithe san áireamh inti
- Pacáiste omnibus maidir le bia

- An Gníomh um an Aigéan

## Ár ndaonlathas a chosaint, ár luachanna a chaomhnú

- Sciath Eorpach don Daonlathas
- An Gníomh um Chothroime Dhigiteach
- Clár um Athléimneacht na Meán
- Straitéis fritheillithe
- Plean gníomhaíochta i gcoinne na bulaíochta ar líne

## An Eoraip Dhomhanda: ár gcumhacht agus ár gcomhpháirtíochtaí a ghiaráil

- Teachtaireacht Dhaonnúil
- An Comhshocrú don Mheánmhuir
- Clár Oibre Straitéiseach AE-an India